

PARLAIMÉADAR 2019

# AIRD Á TABHAIRT AR NÍOS MÓ NÁ AN VÓTA

## PARLAIMINT NÍOS LÁIDRE CHUN ÉISTEACHT LE GUTH NA SAORÁNACH

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Suirbhé Eorabharaiméadair 92 2 Pharlaimint na hEorpa
Staidéar Faireacháin ar an Dearcadh Poiblí

Parlaimint na hEorpa

PARLAIMÉADAR 2019

# AIRD Á TABHAIRT AR NÍOS MÓ NÁ AN VÓTA

PARLAIMINT NÍOS LÁIDRE CHUN ÉISTEACHT LE GUTH NA SAORÁNACH

## ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

**Suirbhé Eorabharaiméadair 92 2 Pharlaimint na hEorpa**

**Staidéar Faireacháin ar an Dearcadh Poiblí**

# IMPRESSUM


**ÚDAIR**

Philipp SCHULMEISTER, Ceann Aonaid (Eagarthóir)

Matthias BÜTTNER, Alice CHIESA, Said HALLAOUY, Luisa MAGGIO, Dimitra TSOULOU MALAKOUDI

**TACAÍOCHT GHRAFACH**

Hèctor BADENES RODRIGUEZ, Katarzyna ONISZK

**GRAPHICAL DESIGN**



Arna chríochnú i mí na Samhna 2019



An Bhruiséil, © An tAontas Eorpach, 2019

Grianghraf cumhdaigh: Emma Espejo/Getty Images



**MAIDIR LEIS AN bhFOILSITHEOIR**

Chuir an tAonad um Fhaireachán ar an Dearcadh Poiblí laistigh d'Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide (DG COMM) de Pharlaimint na hEorpa an páipéar seo le chéile.

Chun dul i dteagmháil leis an Aonad um Fhaireachán ar an Dearcadh Poiblí is féidir scríobh chuig: dgcomm-pom@europarl.europa.eu

**LEAGAN TEANGA**

Téacs bunaidh: EN



**SÉANADH**

Ullmhaíodh an doiciméad seo d'Fheisirí agus d'fhoireann Pharlaimint na hEorpa, agus is orthu atá sé dírithe go príomha, ar mhaithe lena gcuid oibre parlaimintí. Is iad na húdair amháin atá freagrach as an doiciméad agus ní gá gurb ionann aon tuairimí a nochtar ann agus seasamh oifigiúil na Parlaiminte.

# PARLAIMÉADAR 2019: DEICH BPRÍOMHTHEACHTAIREACHT

## Dearcthaí dearfacha i leith na tacaíochta do bhallraíocht AE

Tar éis méadú dearfach thar thréimhse seacht mbliana, tá tacaíocht na saoránach do bhallraíocht san Aontas Eorpach socraithe ag ardleibhéal anois: Tá beagnach seisear as gach deichniúr de mhuintir na hEorpa atá ar son bhallraíocht AE a dtíre féin.

## Tá na saoránaigh sásta leis an gcaoi a bhfeidhmíonn an daonlathas san AE

Chuir toghcháin Eorpacha 2019, ar bhealach dearfach, leis an leibhéal méadaithe sástachta maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an daonlathas san Aontas Eorpach: sin é an tuairim atá ag 52% (+3 pc) de mhuintir na hEorpa.

## Tá Parlaimint níos láidre á lorg ag muintir na hEorpa

Tá saoránaigh na hEorpa ag iarraidh go mbeidh ról níos láidre ag Parlaimint na hEorpa amach anseo. Cúpla mí tar éis na dtoghchán Eorpach, tá Parlaimint níos cumhachtaí á lorg ag 58% de fhreagróirí. Sin méadú 7 bpointe ó earrach na bliana 2019 agus méadú 14 phointe ó Mheán Fómhair 2015 – tráth ar shroich an táscaire a leibhéal is airde ó 2007.

## Íomhá de Pharlaimint na hEorpa ag gluaiseacht

Tá íomhá na saoránach de Pharlaimint na hEorpa neodrach den chuid is mó (46%, +3 pc), ach má chaitear súil níos géire ar na sonraí tá bearna mhéadaitheach le tabhairt faoi deara idir muintir na hEorpa ag a bhfuil íomhá dhearfach de Pharlaimint na hEorpa (33%, +1 pc) agus iad siúd a bhfuil dearcadh diúltach acu ina leith(19%, -2 pc).

## 'Tá tábhacht le mo ghuth san AE' fillte ar na leibhéil réamhthoghcháin arís

Mar a bheifí ag súil leis, d'fhill tuiscint na saoránach go bhfuil tábhacht lena nguth san AE ar na leibhéil réamhthoghcháin. Cé go mbaineann an tuiscint 'tá tábhacht le mo ghuth' go láidir le móiminteam toghchán go fóill, tarraingíonn sé aird chomh maith ar ionchas leanúnach shaoránaigh na hEorpa go mbeidh a nguth le cloisteáil.

## An t-athrú aeráide, bochtaineacht, sceimhlitheoireacht agus dífhostaíocht mar phríomhthosaíochtaí

Tá formhór de phobal na hEorpa ag lorg gníomhaíocht Eorpach nithiúil i réimsí an athraithe aeráide, an chomhraic in aghaidh na bochtaineachta, na sceimhlitheoireachta agus na dífhostaíochta. Chomh fada is a bhaineann le cosaint luachanna Eorpacha, creideann tromlach glan nach mór cearta an duine ar fud an domhain, saoirse cainte agus comhionannas inscne a chaomhnú mar bhunluachanna an Aontais.

## An t-athrú aeráide: an phríomhshaincheist chomhshaoil atá ag déanamh imní do shaoránaigh na hEorpa

Ag cur sraith saincheisteanna comhshaoil san áireamh, síleann tromlach glan ar an meán in AE, gurb é an t-athrú aeráide an tsaincheist chomhshaoil is tábhachtaí sa lá atá inniu ann, agus ina dhiaidh sin go mbaineann tábhacht le haerthruailliú, le dífhoraoisiú agus leis an líon dramhaíola atá ag dul i méid.

## Oibreacha gníomhaíochta aeráide faoi stiúir na n-óg

Creideann nach mór seisear as gach deichniúr de mhuintir na hEorpa go raibh tionchar díreach ar bheartais ag agóidí maidir le gníomhú ar son na haeráide ar leibhéal AE agus ar an bpolaitíocht intíre araon.

## An bhfuil tuilleadh eolais uait? Tá, le do thoil!

Ba mhaith le trí ceathrú de shaoránaigh na hEorpa (77%) níos mó eolais a fháil faoi ghníomhaíochtaí na n-institiúidí Eorpacha. Príomhréimsí spéise: Iarmhairtí nithiúla reachtaíocht AE ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta mar aon le tuilleadh eolais faoi ghníomhaíochtaí Pharlaimint na hEorpa agus a cuid Feisirí.


## Toilteanach a bheith rannpháirteach

Bheadh fonn ar thriúr as gach deichniúr freagróirí a bheith níos rannpháirtí le gníomhaíochtaí FPEnna a dtíre dá mbeadh níos mó eolais á fháil acu faoina róil agus faoina ngníomhaíochtaí, nó dá mbeadh siad le feiceáil sna meáin níos minice.

# DEARCTHAÍ DEARFACHA LEANÚNACHA I LEITH NA TACAÍOCHTA DO AE

**Tar éis ardú a bhí nach mór leanúnach idir 2011 agus 2018, tá tacaíocht na saoránach do bhallraíocht san Aontas Eorpach socraithe ag ardleibhéal cobhsaí anois. Tá beagnach seisear as gach deichniúr de mhuintir na hEorpa (59%, =) ar son bhallraíocht a dtíre féin san AE, rud a chiallaíonn go bhfuil tairbhe á baint ag an príomhtháscaire traidisiúnta Eorabharaiméadair seo as na dearcthaí dearfacha cheana féin don tríú bliain as a chéile[1].**

**Q Generally speaking, do you think that (OUR COUNTRY)'s membership of the EU is...? (% - EU)**




*Source: Parlemeter 2019 (92.2), QB12*

Síleann formhór na bhfreagróirí in 25 Bhallstát gur "rud maith" é ballraíocht a dtíre. Athraíonn an leibhéal tacaíochta i measc na dtíortha seo idir 81% in Éirinn agus i Lucsamburg, agus 42% sa Ríocht Aontaithe. Sna trí Bhallstát eile: an Iodáil, an tSeicia agus an tSlóvaic, is dóigh le formhór na bhfreagróirí nach bhfuil ballraíocht san AE go maith ná go dona dá dtír.

I gcomparáid le mí an Mheithimh 2019, tá méadú soiléir ar thacaíocht do bhallraíocht AE le tabhairt faoi deara sa Fhrainc, áit ar ardaigh an cion de thuairimí dearfacha 6 phointe céatadáin go dtí 58%. Sa Ghréig, d'ardaigh an tacaíocht 5 phointe go dtí 47% agus sa Laitvia, 4 phointe go dtí 59%. Ar an láimh eile, laghdaigh an tacaíocht do AE sa Liotuáin (-8 pc), sa Ríocht Aontaithe (-7 pc), sa Pholainn agus sa Chipir (-5 pc sa dá thír).

I gcomhthéacs Brexit, is í an Ríocht Aontaithe an t-aon tír a bhfuil méadú ollmhór le tabhairt faoi deara inti sa líon daoine atá idir dhá chomhairle faoi Bhallraíocht AE: dar le 31% de fhreagróirí Briotanacha (méadú 11 phointe i gcomparáid le mí an Mheithimh 2019) níl ballraíocht AE go maith ná go dona don Ríocht Aontaithe.

1 Le leibhéal éagsúlachta idir 57% agus 62% le tabhairt faoi deara ó mhí an Mhárta 2017

Is iad na daoine óga is mó atá ag tacú leis an Aontas Eorpach i gcomparáid le cohóirt aoise eile. Creideann 64% de dhaoine idir 15-24 bliana d'aois gur "rud maith" é ballraíocht AE, i gcomparáid le 54% de mhuintir na hEorpa atá 55+bliana d'aois. É sin ráite, léirítear sa suirbhé seo freisin, laghdú 6 phointe ar thacaíocht ó dhaoine óga i gcomparáid le mí an Mheithimh 2019. Tá sé róluath fós le rá cibé an ionann nó nach ionann an fhorbairt seo agus an chéad chomhartha de dhícheangal na n-óg. Dá ainneoin seo, is cinnte gur fianaise é an laghdú ar thacaíocht AE i measc daoine óga nach féidir talamh slán a dhéanamh dá dtacaíocht siúd, lena n-áirítear rannpháirtíocht toghcháin agus spéis ghinearálta go sonrach.

## LEIBHÉAL SÁSTACHTA NÍOS LÁIDRE LEIS AN DAONLATHAS IN AE

**Cé go bhfuil fabhar maidir le ballraíocht AE fós cobhsaí, is treocht í an bhraistint dóchais ina chiomlaine i leith todhchaí an Aontais atá ag forbairt go mall ach go réidh ar bhonn leanúnach.**

Creideann 32% de shaoránaigh go bhfuil AE ar an mbóthar ceart. Is ardú 5 phointe céatadáin é sin i gcomparáid le hearrach na bliana 2019 agus fianaise go bhfuil an treocht dhearfach atá tugtha faoi deara ó mhí na Samhna 2011 ag leanúint ar aghaidh. Tá an cion de shaoránaigh a chreideann go bhfuil rudaí ag dul sa treo mícheart san AE ag laghdú 5 phointe freisin, agus is é sin an tuairim atá ag tromlach coibhneasta 46% de fhreagróirí.

Ag an am céanna, chuir na toghcháin Eorpacha le déanaí agus rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach sna toghcháin, ar bhealach dearfach leis an leibhéal sástachta maidir leis an mbealach a n-oibríonn an daonlathas san Aontas Eorpach.

Tá comharthaí ag teacht chun cinn i suirbhéanna Eorabharaiméadair a rinneadh roimhe seo a thugann le fios go bhfuil iontaoibh agus meas ag saoránaigh ar phróiseas daonlathach na hEorpa, agus déantar é sin a dheimhniú, go háirithe sna torthaí reatha Parlaiméadair maidir le gnéithe éagsúla de dhaonlathas na Eorpa.

Tá 52% de mhuintir na hEorpa sásta leis an mbealach a n-oibríonn an daonlathas san Aontas Eorpach agus tá 56% den tuairim chéanna maidir lena dtír féin. Le 12 mhí anuas, tá feabhas tagtha ar an tuairim seo chomh fada is a bhaineann le próiseas daonlathach AE, agus níl an oiread céanna tionchair ag athruithe cosúla ar fheidhmiú an daonlathais ar an leibhéal náisiúnta.

Tagann méadú faoi dhó, a bheag nó a mhór ar chion na saoránach ar bhonn náisiúnta, atá sásta leis an mbealach a n-oibríonn an daonlathas in AE ar fud na 28 mBallstát. Tá na leibhéil is airde sástachta le tabhairt faoi deara in Éirinn (77%), sa Danmhairg (77%) agus sa Pholainn (73%), agus tá na leibhéil is ísle sástachta le próiseas an daonlathais in AE le tabhairt faoi deara sa Spáinn agus sa Ríocht Aontaithe (45% araon), san Iodáil (44%) agus sa Ghréig (34%).

Nuair a bhreathnaítear ar na córais náisiúnta, ardaíonn cion na bhfreagraí atá 'sásta' faoi thrí beagnach, ón Rómáin (34%), an Chróit (33%) agus an Ghréig (32%) go dtí an Danmhairg (93%), Lucsamburg (84%) agus an Ísiltír (83%), áit a bhfuil na céatadáin is airde measa ag na saoránaigh ar phróisis dhaonlathacha náisiúnta.

In 14 thír, tá an céatadán iomlán sástachta leis an daonlathas san Eoraip níos airde ná mar atá an céatadán iomlán sástachta leis an daonlathas náisiúnta. Tá na difríochtaí seo suntasach go háirithe don Rómáin, don Chróit, don Liotuáin, don Bhulgáir, don Laitvia agus don Pholainn. Maidir le hathruithe náisiúnta, tá na harduithe is airde i dtacaíocht don daonlathas in AE ó earrach na bliana 2019 (+13 pc, +11 pc, +10 pc agus +9 pc faoi seach) le tabhairt faoi deara san Ungáir, sa Pholainn, sa tSeicia agus sa Spáinn. Ba cheart na harduithe seo a chur i gcomhthéacs, ag cur forbairtí polaitiúla san áireamh, mar shampla, seasamh an Aontais Eorpaigh maidir le comhlíontacht leis an smacht reachta san Ungáir agus sa Pholainn, nó an aeráid pholaitiúil neamhchinnte sa Spáinn.

## MÉADÚ AR AN SPÉIS I NGNÓTHAÍ NA HEORPA

**Another factor that helps to better assess the evolution of public opinion on the European Union is the growing attention to European affairs, shared by citizens and the media over the last year.**

Fachtóir eile a chabhraíonn le measúnú níos fearr a dhéanamh ar fhorbairt thuairim an phobail maidir leis an Aontas Eorpach is ea an aird níos géarchúisí atá á tabhairt ar ghnóthaí na hEorpa, ag saoránaigh agus ag na meáin araon i gcaitheamh na bliana anuraidh.

Nuair a fiafraíodh díobh cibé ar tháinig aon athrú ar a spéis phearsanta i ngnóthaí na hEorpa le 12 mhí anuas, dúirt tromlach mór na bhfreagróirí nár tháinig aon athrú ar a leibhéal spéise ina leith sin (62%). Cé go ndúirt 22% de mhuintir na hEorpa gur tháinig ardú ar a leibhéal spéise féin, ní dúirt ach 15% a mhalairt.

Ar bhonn náisiúnta, tá an leibhéal spéise i ngnóthaí na hEorpa an-suntasach in Éirinn (45%) agus sa Ríocht Aontaithe (43%); fianaise, i bpáirt, ar an dioscúrsa poiblí náisiúnta atá dírithe den chuid is mó ar an díospóireacht faoi Brexit. Ag an taobh eile den scála, tá suntas ag baint leis an Iodáil agus leis an Rómáin, deir 27% agus 22% dá saoránaigh faoi seach gur laghdaigh a gcuid spéise i saincheisteanna maidir leis an Eoraip le bliain anuas.

Tá comhghaol soiléir idir spéis athchóirithe an phobail i gcúrsaí a bhaineann le AE agus níos mó plé a bheith á dhéanamh ar na ceisteanna sin sna meáin. Tríd is tríd, níor thug ach nach mór duine amháin as gach beirt de mhuintir na hEorpa aon athrú faoi deara i gclúdach na meán, ach admhaíonn 36% de mhuintir na hEorpa go bhfuil ardú tagtha ar an méid a chlúdaítear sna meáin maidir le cúrsaí AE, agus creideann 11% go bhfuil sé laghdaithe.

# TÁ TUAIRIMÍ NA SAORÁNACH MAIDIR LE PARLAIMINT NA HEORPA AG ATHRÚ

**I gcoinne cúlra muiníne breise i ndaonlathas na hEorpa agus níos mó spéise i saincheisteanna a bhaineann le AE, is cosúil go bhfuil Parlaimint na hEorpa ag baint tairbhe as an téarnamh iontaobhais.**

Cé go bhfuil íomhá Pharlaimint na hEorpa i measc na saoránach neodrach den chuid is mó (46%, +3 pc ó Mheán Fómhair 2018), léiríonn an treolíne bearna mhéadaitheach idir muintir na hEorpa a bhfuil íomhá dhearfach i leith Pharlaimint na hEorpa acu (33%, +1pc), agus iad siúd a bhfuil dearcadh diúltach acu (19%, -2 pc).

Is í Éire an tír leis an líon is mó freagróirí a bhfuil dearcadh dearfach acu (52%), agus ina dhiaidh sin tá an Danmhairg (49%), an Phortaingéil (49%) agus an tSualainn (48%). Tá an tSeicia, an Fhrainc agus an Spáinn ar an taobh eile den scála le scór 'dearfach' de 20%, 24% agus 25% faoi seach.

Níos minice ná a mhalairt is mná, daoine óga agus mic léinn, mar aon le daoine atá ar ioncam níos ísle, iad na saoránaigh a bhfuil tuairim 'neodrach' acu i leith Pharlaimint na hEorpa. Ag an am céanna, is ag bainisteoirí, mar aon leo siúd a shíleann go bhfuil tábhacht lena nguth in AE, atá an íomhá is dearfaí den institiúid.


Is féidir tátal tábhachtach a bhunú ar an toradh seo: is fachtóir cinntitheach é an tuiscint 'tá tábhacht le mo ghuth' i munlú thuairim an phobail i leith Pharlaimint na hEorpa mar institiúid dhaonlathach atá tofa go díreach, institiúid a bhfuil tionchar aici ar thuairimí a athrú ó dhiúltach go dearfach.

Chomh maith leis sin, cruthaítear leis bealaí nua chun breathnú ar rannpháirtíocht na saoránach le Parlaimint na hEorpa. Is cosúil go bhféadfadh sé brath ar an tuairim atá acu maidir leis an institiúid i dteannta le, agus go príomha fiú, ar an tuiscint gur féidir rudaí a athrú trí vóta a chaitheamh; gur féidir le daonlathas na hEorpa dóthain freagraí a thabhairt ar a n-ionchais phearsanta.

## AN IARRAIDH IS LÁIDRE RIAMH AR PHARLAIMINT NA HEORPA AG A MBEIDH NÍOS MÓ TIONCHAIR

**Má chreideann saoránaigh gur féidir rudaí a athrú trí vóta a chaitheamh agus, ina theannta sin, go bhfuil tábhacht lena nguth san AE, b'fhéidir go mbeadh duine ag súil leis go mbeadh dearcthaí den sórt sin á léiriú freisin san iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa ag a mbeidh níos mó tionchair. Go deimhin, le ceithre bliana anuas, tá sé curtha in iúl ag freagróirí suirbhéanna Eoraib-haraiméadair as a chéile gur mian leo go mbeadh an Pharlaimint níos tábhachtaí acu.**

**Q Would you personally like to see the European Parliament play a more important or less important role? (% - EU)**




*Source: Parlemeter 2019 (92.2), QB4*

Léirítear sa suirbhé Eorabharaiméadair reatha an iarraidh is láidre riamh ar Pharlaimint na hEorpa ag a mbeidh níos mó tionchair ó cuireadh an cheist seo den chéad uair in 2007. Tá 58% de mhuintir na hEorpa, ardú 7 bpointe céatadáin ó earrach na bliana 2019 agus 14 phointe ó Mheán Fómhair 2015, ag iarraidh go mbeadh ról níos tábhachtaí ag Parlaimint na hEorpa. In 25 Bhallstát, tá tromlach coibhneasta de shaorán-aigh ag iarraidh institiúid ag a mbeidh níos mó tionchair. Tá éagsúlacht i dtaca leis sin ó 89% sa Chipir go 39% sa Danmhairg.

D'fhéadfadh sé gur fachtóir cinntitheach a bheadh san eolas ar ghníomhaíochtaí na Parlaiminte maidir leis an tacaíocht sin le haghaidh níos mó tionchair. I ngach tír - ach amháin an Chipir, an Spáinn, Lucsamburg agus an Rómáin - tá céatadán na saoránach atá ag iarraidh go mbeidh ról níos tábhachtaí ag an bParlaim-int i bhfad níos airde i measc na ndaoine sin a bhfuil go leor ar eolas acu faoi ghníomhaíochtaí reachtacha na Parlaiminte.

Tá tionchar mórán mar an gcéanna ag an leibhéal sástachta leis an mbealach a n-oibríonn an daonlathas san Aontas Eorpach: dá mhéad freagróirí a léiríonn go bhfuil siad sásta leis an gcóras daonlathach in AE, dá mhéad ba mhaith leo go mbeadh níos mó tionchair ag Parlaimint na hEorpa.

## TUISCINT NÍOS LAIGE AR 'TÁ TÁBHACHT LE MO GHUTH SAN AE': ATHRÚ A BHFUIL SÚIL LEIS NÓ GLAO AR GHNÍOMHAÍOCHT?

**I bhfianaise an ghlao ar ról níos láidre a bheith ag Parlaimint na hEorpa mar aon le breis sástachta maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn daonlathas na hEorpa is féidir glacadh leis go bhfuil níos mó iontaoibhe ar bhonn leanúnach ag a saoránaigh as Parlaimint na hEorpa. Fós féin, léirítear sa suirbhé reatha go bhfuil an tuiscint**

Tá an cion freagróirí a chreideann go bhfuil tábhacht lena nguth san AE cothrom le 49%, an leibhéal céanna a bhí i gceist i mí Feabhra-an Mhárta 2019. Bhí an toradh a taifeadadh sa suirbhé Eorabharaiméadair iar-thoghcháin[2] cothrom le 56%.


Léirítear sna torthaí go bhfuil an tuiscint 'tá tábhacht le mo ghuth' nasctha go dlúth le móiminteam na dtoghchán. Ní leor tacaíocht don tionscadal Eorpach leis féin chun an tuiscint 'tá tábhacht le mo ghuth' a chur i ngníomh. É sin ráite, i roinnt mhaith tíortha in AE tá tacaíocht do bhallraíocht AE ag teacht le tuiscint réasúnta láidir go bhfuil 'tábhacht le mo ghuth san AE', ach i dtíortha eile fós, níl an nasc chomh soiléir céanna. Mar shampla, tá an tuiscint ghinearálta 'tá tábhacht le mo ghuth san AE' réasúnta láidir san Ostair, sa Chróit agus sa tSlóvaic, cé go bhfuil an leibhéal fabhair do bhallraíocht AE sna tíortha céanna réasúnta íseal.

2 *An bhfuil Gné Nua i nDán do na Toghcháin Eorpacha?* Suirbhé Eorabharaiméadair 91 5, Meán Fómhair 2019 (PE640.156), , https://www.europarl.europa.eu/at-your-service/en/be-heard/eurobarometer/2019-european-elections-entered-a-new-dimension

# NA TOSAÍOCHTAÍ ATÁ LE COSAINT

**Mar atá léirithe ag na torthaí vótála sna toghcháin Eorpacha, tá ionchais na saoránach maidir le hábhair thosaíochta do Pharlaimint na hEorpa láidir.**

**Q The EP makes decisions on European legislation which directly impacts every citizen's life. In your opinion which of the following should be given priority by the European Parliament? Firstly? And Then? (Max. 3 answers) (% - EU)**





*Source: Parlemeter 2019 (92.2), QB5T*

I nDeireadh Fómhair 2019, dúirt 32% de fhreagróirí gur cheart go mbeadh an comhrac i gcoinne athrú aeráide agus caomhnú an chomhshaoil, na n-aigéan agus na bithéagsúlachta ar bharr liosta na dtosaíochtaí do Pharlaimint na hEorpa. Sa dara háit tá an dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus an bhochtaineacht ag 31%, agus ina dhiaidh sin - ag céatadán níos lú - tá an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe a chomhrac (24%) mar aon le dífhostaíocht i measc na n-óg a chomhrac agus iarracht a dhéanamh lán-fhostaíocht a chinntiú i ngach tír in AE (24%). I measc na saincheisteanna eile is tábhachtaí ag 22% agus 18% faoi seach tá infheistíocht in ardoideachas agus na coinníollacha cearta d'fhás eacnamaíoch a bhunú. Is é an dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus an bhochtaineacht an príomhábhar imní in 12 thír, atá ar

bhonn cothrom le hábhair eile i sé thír. In 11 thír, tá ag comhrac i gcoinne athrú aeráide agus ag cosaint an chomhshaoil sa chéad áit (an chéad tosaíocht chomhroinnte in dhá Bhallstát). Is príomhábhar imní é an difhostaíocht i measc na n-óg i gcúig thír agus tá an comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta i measc na dtrí ábhar is mó imní. Ní thugtar tús áite do chosaint teorainneacha seachtracha ach amháin san Eastóin, atá sa chéad áit taobh le sceimhlitheoireacht a chomhrac agus an dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus an bhochtaineacht. Is iad cearta tomhaltóirí a fheabhsú mar aon le caighdeán agus rochtain ar sheirbhísí sláinte do gach saoránach atá ar bharr an liosta sa Phortaingéil agus sa Rómáin, atá araon ar leibhéal cothrom le hítimí eile. Ar deireadh, is é Málta an t-aon tír ina sonraíonn na saoránaigh gur príomhábhar imní é comhbheartas imirce agus lánpháirtíochta. Mar is iondúil, is fianaise láidir iad tosaíochtaí na saoránach ar chomhthéacsanna náisiúnta agus ar shochdhéimeagrafaic. D'fhéadfadh difríochtaí a bheith le tabhairt faoi deara agus beidh difríochtaí le tabhairt faoi deara, i dtéarmaí na leibhéal tacaíochta agus scála na tábhachta ó thír go tír, agus go deimhin laistigh de thíortha ar fud na bhfoghrúpaí sochdhéimeagracha difriúla. Má bhreathnaítear ar an athrú aeráide amháin, léirítear ar an léarscáil thíos an leathadh atá idir tíortha maidir leis an ábhar seo, ó 62% tacaíochta sa tSualainn go fiú 14% sa Bhulgáir.

**Q The EP makes decisions on European legislation which directly impacts every citizen's life. In your opinion which of the following should be given priority by the European Parliament? Firstly? And Then? (Max. 3 answers) (% - Combating climate change and preserving our environment, oceans and biodiversity )**




*Source: Parlemeter 2019 (92.2), QB5T*

## NA LUACHANNA ATÁ LE CAOMHNÚ

**Aimsítear tuairim níos aonfhoirmí i dtíortha éagsúla agus treocht níos cobhsaí nuair a bhreathnaítear ar na luachanna ba cheart do Pharlaimint na hEorpa a chosaint ar bhonn tosaíochta.**

Is é cosaint chearta an duine ar fud an domhain an luach is tábhachtaí in intinn na saoránach, dar le 48% (+2 pc i gcomparáid le Meán Fómhair 2018) de fhreagraí. Tá comhionannas inscne, d'ainneoin lúbadh beag, sa dara háit (38%, =), mar aon le saoirse cainte (38%). Chomh maith leis sin, luann duine as gach triúr de mhuintir na hEorpa dlúthpháirtíocht idir Ballstáit AE (33%, +3 pc), cé go nglacann níos mó ná an cúigiú cuid den daonra (23%, +1 pc, agus 22%, -1 pc faoi seach) le dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta idir AE agus tíortha bochta sa domhan agus idirphlé idirchultúrtha nó idirchreidmheach mar na príomhluachanna Ar deireadh, chomh maith leis sin luann 18% (-2 pc) de mhuintir na hEorpa cosaint mionlach agus féachann 10% de fhreagróirí ar phionós an bháis a dhíothú ar fud an domhain mar luach tábhachtach nach mór troid ar a shon.

## AN TATHRÚ AERÁIDE AGUS GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

**Tá níos mó tábhacht ag baint de réir a chéile leis an athrú aeráide agus le saincheisteanna eile a bhaineann leis an gcomhshaol inár saol laethúil. Ó thubaistí nádúrtha agus teocht nárbh fhacthas a leithéid riamh cheana, go gluaiseacht #FridaysForFuture na n-óg atá mar bhonn leis na milliúin a bheith amuigh ar na sráideanna, gan trácht ar na díospóireachtaí polaitiúla atá ag díriú ar na saincheisteanna seo, tá pobal na hEorpa ag cur a n-imní in iúl agus ag éileamh beart nithiúil.**

Léirítear i sonraí Eorabharaiméadair na Parlaiminte féin go bhfuil an leibhéal práinne ag méadú go heaspónantúil i roinnt suirbhéanna a rinneadh i rith na tréimhse seo: In Aibreán 2018[3], níor roghnaigh ach 35% de fhreagróirí an t-athrú aeráide mar ábhar tosaíochta d'fheachtas thoghcháin na hEorpa, a chiallaigh go raibh an t-athrú aeráide sa chúigiú háit. I Feabhra-mí an Mhárta 2019[4], bhí an t-athrú aeráide luaite mar phríomhthosaíocht cheana féin ag 55% de fhreagróirí, a dúirt gur dóigh go gcaithfidís vóta sna toghcháin Eorpacha., I suirbhé Eorabharaiméadair iar-thoghcháin na Parlaiminte[5] ba é 'an t-athrú aeráide a chosc agus cosaint an chomhshaoil' an dara cúis ba thábhachtaí a chuir brú ar mhuintir na hEorpa vóta a chaitheamh sna toghcháin Eorpacha i mí naBealtaine 2019. Roghnaigh 37% de vótálaithe, ar an meán, san AE an tsaincheist seo mar an chúis a bhí

3 ***Daonlathas ag gluaiseacht - Na Toghcháin Eorpacha: Bliain amháin fágtha,*** Suirbhé Eorabharaiméadair 89 2, mí na Bealtaine 2018 (PE621.866), https://www.europarl.europa.eu/at-your-service/en/be-heard/eurobarometer/eurobarometer-2018-democracy-on-the-move

4 ***Níos cóngaraí do na Saoránaigh, Níos cóngaraí don Bhallóid,*** Suirbhé Eorabharaiméadair 91.1, Aibreán 2019 (PE637.932) https://www.europarl.europa.eu/at-your-service/files/be-heard/eurobarometer/2019/closer-to-the-citizens-closer-to-the-ballot/report/en-eurobarometer-2019.pdf

5 ***An bhfuil Gné Nua i nDán do na Toghcháin Eorpacha?*** Suirbhé Eorabharaiméadair 91.5, Meán Fómhair 2019 (PE640.156), https://www.europarl.europa.eu/at-your-service/en/be-heard/eurobarometer/2019-european-elections-entered-a-new-dimension

acu le vóta a chaitheamh, i ndiaidh an gheilleagair agus fáis (44%). I gcás na n-óg agus na mac léinn ba é an t-athrú aeráide a spreag iad chun vóta a chaitheamh.

## IS É AN TATHRÚ AERÁIDE AN PHRÍOMHSHAINCHEIST CHOMHSHAOIL DO SHAORÁNAIGH NA HEORPA


**Leantar sa suirbhé reatha le hiniúchadh a dhéanamh ar dhearcthaí na saoránach agus ar na hábhair atá ag déanamh imní dóibh chomh fada is a bhaineann leis an gcomhshaol. Síleann breis is leath de na freagróirí gurb é an t-athrú aeráide (52%) an tsaincheist chomhshaoil is tábhachtaí. Ag breathnú ar shaincheisteanna níos sonraithe, tá aerthruailliú (35%), muirthruailliú (31%), dífhoraoisiú agus dramhaíl atá ag dul i méid (28% araon) i measc na bpríomhábhar imní a bhaineann leis an gcomhshaol atá ag déanamh imní do mhuintir na hEorpa. Ag bun an liosta seo, tá an damáiste don chomhshaol a tharlaíonn mar gheall ar thurasóireacht agus mar gheall ar thruailliú ó thorann, atá luaite araon ag níos lú ná freagróir amháin as gach deichniúr freagróirí.**

Cé go bhfuil an t-athrú aeráide ar bharr an liosta ar an meán in AE, má chaitear súil níos géire ar an leibhéal náisiúnta, léirítear, i dtíortha áirithe, go bhfuil saincheisteanna comhshaoil eile ag déanamh níos mó imní do fhreagróirí. Tá sé níos dóchúla gur daoine óga iad  na daoine a chuireann an t-athrú aeráide ar bharr na n-ábhar atá ag déanamh imní dóibh ó thaobh an chomhshaoil de (tá 60% idir 15 agus 24 bliana d'aois, i gcomparáid le 48% atá 55+ bliana d'aois), gur mic léinn iad (62%), agus daoine a bhfuil oideachas maith orthu (57% i gcomparáid le 47% díobh siúd a bhfuil leibhéil oideachais níos ísle orthu) nó bainisteoirí (58%). Chomh maith leis sin, tá dearcadh dearfach acu i leith Pharlaimint na hEorpa agus a ról: Tagraíonn 58% díobh siúd a bhfuil dearcadh dearfach acu ar Pharlaimint na hEorpa don athrú aeráide mar phríomhthosaíocht – i gcomparáid le 44% díobh siúd a bhfuil dearcadh diúltach acu i leith Pharlaimint na hEorpa.

Is é an t-aerthruailliú an tsaincheist chomhshaoil is tábhachtaí do bhreis is dhá thrian de shaoránaigh i Málta (69%), agus thart ar leath de na saoránaigh sa Bhulgáir (52%) agus sa Pholainn (49%), agus is é an dífhoraoisiú an tsaincheist is tábhachtaí sa Liotuáin (63%), san Eastóin agus sa Rómáin (54% araon). Tá sé níos dóchúla gur daoine óga iad na freagróirí a deir gur saincheist thábhachtach é an dífhoraoisiú (35% 15–24 bliana d'aois i gcomparáid le 27% atá 55+ bliana d'aois), fós ag staidéar (34%) agus iadsan a úsáideann an t-idirlíon go minic (29%). Ba í an tsaincheist deiridh a shíl roinnt Eorpach a bheith tábhachtach ná an dramhaíl ag dul i méid. Tá sé luaite sa chéad áit ag freagróirí i Laitvia (48%), sa tSlóivéin (42%), sa tSlóvaic (40%) agus sa tSeicia (39%). Ní thugtar aon phróifíl shoiléir faoi deara i ndiaidh anailís shochdhéimeagrafach a dhéanamh ar na freagróirí seo, ach is cosúil gur dóchúil go bhfuil siad níos sine, contrártha leis na hítimí roimhe seo(tá 30% 40 bliain d'aois nó níos sine i gcomparáid le 26% de dhaoine idir 15 agus 24 bliana d'aois).

**Q From the following list, please pick the environmental issue which you consider the most important. Firstly? And then? (Max. 4 answers)**
**(% - The most mentioned answer by country)**

| | |
|---|---|
| MT | 69 |
| BG | 52 |
| PL | 49 |
| ES | 67 |
| UK | 62 |
| SE | 62 |
| DK | 60 |
| NL | 60 |
| CY | 59 |
| IE | 59 |
| EL | 59 |
| FI | 55 |
| DE | 54 |
| EU28 | 52 |
| BE | 52 |
| PT | 52 |
| AT | 49 |
| FR | 48 |
| IT | 46 |
| LU | 45 |
| HU | 45 |
| HR | 38 |
| LT | 63 |
| EE | 54 |
| RO | 54 |
| LV | 48 |
| SI | 42 |
| SK | 40 |
| CZ | 39 |




*Source: Parlemeter 2019 (92.2), QB10T*

## AGÓIDÍ AERÁIDE NA NÓG AGUS NA TORTHAÍ BEARTAIS A BHFUIL SÚIL LEO

**Tá an ghluaiseacht #FridaysForFuture mar aon le gníomhaíochtaí agóide cosúla eile i ndiaidh na milliún daoine ar fud AE agus ar fud an domhain a thabhairt le chéile le bliain anuas, rud is cúis le clúdach suntasach sna meáin**


Sa suirbhé fiafraíodh de fhreagróirí cibé ar chuir nó nár chuir agóidí na n-óg le níos mó beartais pholaitiúla a bheith á gcur i gcrích chun an t-athrú aeráide a chomhrac – ar leibhéal Eorpach agus náisiúnta araon. Baineann suntas leis na freagraí ar an dá cheist: tá nach mór seisear as gach deichniúr de mhuintir na hEorpa muiníneach nó cinnte, go bhfuil tionchar díreach ar bheartais ag agóidí aeráide na n-óg sa dá chás.

Síleann tromlach glan de fhreagróirí in 25 Bhallstát go gcuireann agóidí athraithe aeráide na n-óg le cur

chun feidhme tuilleadh beart chun an t-athrú aeráide polaitiúil san AE a chomhrac. I measc na ndaoine is mó a chreideann é seo tá na hÉireannaigh, le beagnach trí ceathrú de na rannpháirtithe (74%), na Sualannaigh (71%) agus na Cipirigh (70%). Go deimhin, in Éirinn agus sa Chipir creideann beagán os cionn triúr as gach deichniúr freagróirí go mbeidh toradh dearfach ar bheartais mar thoradh ar na gníomhartha seo in AE 'go cinnte' (31% agus 35%, faoi seach). San Eastóin, níl an difríocht chomh soiléir céanna idir na daoine a shíleann go bhféadfadh na hagóidí seo a bheith mar bhonn le tuilleadh bearta polaitiúla a bheith á gcur i gcrích chun an t-athrú aeráide in AE a chomhrac (49%) agus iad siúd a shíleann nach bhfuil sé sin fíor (45%) - tá sé seo fíor freisin i gcás na Ríochta Aontaithe (47% vs 42%). Is í an tSeicia an t-aon tír ina gcreideann níos mó freagróirí nach gcabhródh gníomhartha cosúil le hagóidí na n-óg le níos mó bearta polaitiúla a bheith á gcur i gcrích ag AE chun an t-athrú aeráide a chomhrac (52% i gcomparáid le 42% a shíleann go bhféadfadh tionchar a bheith ag gníomhartha cosúil le hagóidí na n-óg).

Tá an t-athraitheas idir na Ballstáit níos suntasaí nuair a bhreathnaítear ar na freagróirí a chreideann go bhféadfadh tionchar a bheith ag agóidí na n-óg ar bhearta polaitiúla in aghaidh an athraithe aeráide ina dtír féin. In 19 dtír Eorpach, creideann tromlach glan de fhreagróirí é sin, i dtrí thír bhreise (an Liotuáin, Málta agus an Ríocht Aontaithe) creideann tromlach coibhneasta é sin. I roinnt tíortha, iad ar fad ó Lár nó ó Oirthear na hEorpa, creideann níos mó freagróirí nach mbeadh tionchar ag agóidí aeráide na n-óg ar a bpolaitíocht náisiúnta. Sa tSlóivéin, síleann 52% nach bhfuil aon tionchar ag a leithéid, i gcomparáid le 44% a shíleann go bhfuil, sa Chróit creideann 55% i gcomparáid le 42% de fhreagróirí go mbeadh tionchar ag a leithéid. I measc na dtíortha eile ina bhfuil tromlach atá amhrasach faoin tionchar díreach a d'fhéadfadh a bheith ag agóidí na n-óg ar chur i gcrích beartas náisiúnta tá an Laitvia (54% i gcomparáid le 41%), an Eastóin (54% i gcomparáid le 40%), an Bhulgáir (44% i gcomparáid le 38%) agus an tSeicia (58% i gcomparáid le 37%).

**Q In recent months, a number of youth-led climate change protests have taken place, which have frequently been covered in the media across the EU. Overall, do you think that these actions contribute to more political measures being taken to fight climate change . . .? (% - Total 'Yes')**




*Source: Parlemeter 2019 (92.2), QB11*

Tugann an anailís shochdhéimeagrafach le fios, dá óige iad na freagróirí, is dóchúla go sílfidh siad go mbeidh tionchar ag a leithéid sin d'agóidí ar AE. Chomh maith leis sin, is dóchúla go mbeidh ardoideachas ar na freagróirí sa ghrúpa sin nó go mbeidh siad fós i mbun staidéir, gur bainisteoirí iad agus gur daoine iad a úsáideann an t-idirlíon go minic. Saintréith thábhachtach eile is ea a ndearcadh dearfach maidir le AE agus Parlaimint na hEorpa.

## BÍ RANNPHÁIRTEACH!

**Tharraing toghcháin Eorpacha 2019 béim shuntasach ar an tábhacht – agus ar an ngá – atá le hidirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht ar bhonn leanúnach le saoránaigh na hEorpa. Tá oideachas níos fearr agus níos mó eolais ag vótálaithe anois – agus tá siad níos toilteanaí ná riamh a bheith níos rannpháirtí i bpolaitíocht. In 2019 tá vótálaithe níos muiníní, tá níos mó cumhachta acu, agus tá siad níos rannpháirtí. I dteannta leis na leibhéil mhéadaithe chumhachtaithe agus rannpháirtíochta, mhéadaigh ionchais maidir le hiarmhairtí dearfacha na vótála – ag cur leis an ngá atá le tuilleadh rannpháirtíochta agus díospóireachta ó Pharlaimint na hEorpa.**

Tá an sainordú atá tugtha ag vótálaithe as Ballstáit uile AE ina bhonn tacaag cumhacht agus ag tionchar daonlathach Pharlaimint na hEorpa. Braitheann sé ar a rannpháirtíocht rialta, leanúnach agus ghníomhach ina cuid oibre ar a son. Ach fós féin braitheann an rannpháirtíocht seo cuid mhór ar eolas: dá mhéad atá ar eolas ag saoránaigh faoi céard é Parlaimint na hEorpa, céard a dhéanann an Pharlaimint agus céard le haghaidh a sheasann an Pharlaimint, is dóchúla go gcaithfidh siad vóta sna toghcháin Eorpacha, rud a chuirfidh le dlisteanacht dhaonlathach Pharlaimint na hEorpa.

I suirbhé Parlaiméadair 2019 fiafraíodh sraith ceisteanna de fhreagróirí chun an méid atá ar eolas acu faoi láthair faoi obair Pharlaimint na hEorpa a thomhas, mar aon leis an spéis a bhí acu i mbreis faisnéise a fháil faoin Aontas Eorpach agus faoina institiúidí, faoi Pharlaimint na hEorpa agus a Feisirí go sonrach.

## EOLAS FAOI OBAIR NA PARLAIMINTE

**Dúirt 61% de fhreagróirí ar an meán in AE go bhfuil meánleibhéal nó ardleibhéal eolais acu faoi obair Pharlaimint na hEorpa. Nuair a fiafraíodh díobh rogha a dhéanamh bunaithe ar scála idir 1 agus 10 (ciallaíonn '10' 'go bhfuil go leor ar eolas agat') chun an méid a shíleann siad atá ar eolas acu faoin obair a dhéanann Parlaimint na hEorpa a léiriú, thug 55% le fios go raibh meánleibhéal eolais acu (scála raon 4–7). Níor thug ach 6%, cion imeallach de shaoránaigh le fios, go raibh 'ardleibhéal eolais' (scála raon 8–10) acu, agus chuir 39% de fhreagróirí in iúl go raibh 'leibhéal íseal eolais' (scála raon 1–3) acu. Dá réir sin, tá an meánleibhéal eolais san AE faoin obair a dhéanann Parlaimint na hEorpa cothrom le 4.2 ar scála idir 1 agus 10.**

San Ostair (5 0), sa Rómáin (4 8) agus sa Pholainn (4 7), tá an méanleibhéal eolais suibiachtúil faoi Pharlaimint na hEorpa ag an leibhéal is airde. Ar an iomlán, tá neamhréitigh réasúnta beag idir na Ballstáit, tá idir 5 0 san Ostair agus 3 4 ar an meán luaite le heolas suibiachtúil sa Fhrainc. Is í an Fhrainc an t-aon tír inar chuir tromlach glan de fhreagróirí (54%) in iúl go bhfuil leibhéal íseal eolais acu maidir leis an obair a dhéanann Parlaimint na hEorpa, agus ina dhiaidh sin an Ríocht Aontaithe agus an tSlóivéin (47% araon, leibhéal íseal eolais) agus an Eastóin (46%). Tríd is tríd, in 27 mBallstát cuireann saoránaigh in iúl go bhfuil meánleibhéal nó ardleibhéal eolais acu, agus in 12 Bhallstát AE, cuireann níos mó ná ceathrar as gach deichniúr freagróirí in iúl nach bhfuil ach leibhéal íseal eolais acu.

## SPÉIS SHOILÉIR I DTUILLEADH FAISNÉISE

**Ba mhaith le breis is trí ceathrú de shaoránaigh AE (77%) breis faisnéise a fháil maidir le ceann amháin, ar a laghad, den seacht ngné bheartaithe den tréimhse reachtach nua agus de ghníomhaíochtaí na n-institiúidí Eorpacha.**

Ar an meán, ar fud AE, tá níos mó spéise á léiriú sna hiarmhairtí nithiúla a bheidh ag reachtaíocht na hEorpa ar thír an fhreagróra. Roghnaigh 31% de fhreagróirí an rogha seo, agus ina dhiaidh sin faisnéis maidir le 'céard atá á dhéanamh ag Parlaimint na hEorpa' (29%), 'céard atá déanta nó athraithe go nithiúil ag AE i do chathair, réigiún nó tír' (28%) agus 'gníomhaíochtaí FPEnna náisiúnta i bParlaimint na hEorpa' (27%). Níl ach athraitheas beag le tabhairt faoi deara idir na saincheisteanna tomhaiste, is iad 'spéis i ngníomhaíochtaí an Choimisiúin Eorpaigh' nó 'seasaimh an rialtais náisiúnta maidir le hábhair reatha AE' atá rangaithe ag bun an liosta, ag 24% an ceann.

Tá pictiúr i bhfad níos éagsúla le tabhairt faoi deara nuair a bhreathnaítear ar an inathraitheacht idir tíortha

maidir le céard ba mhaith le freagróirí níos mó a bheith ar eolas acu faoi. In 11 thír, ba mhaith le saoránaigh níos mó faisnéise a fháil faoi iarmhairtí nithiúla reachtaíocht AE ar a dtír. Tá na torthaí is airde le tabhairt faoi deara i dtíortha i dTuaisceart na hEorpa, 62% san Ísiltír agus 60% sa tSualainn, agus ansin an Fhionlainn (54%) agus an Danmhairg (50%).

Tá spéis ag freagróirí i gcúig thír, ó Oirdheisceart na hEorpa den chuid is mó, i mbreis faisnéise a fháil maidir le céard atá déanta go nithiúil ag AE nó céard atá athraithe ag AE ina gcathair, ina réigiún nó ina dtír féin. Is í an Ghréig atá ar bharr an liosta (47%), agus ansin an Rómáin (40%), an Chróit (37%), an Bhulgáir (36%), mar aon leis an tSlóivéin (29%).

Ba mhaith le saoránaigh ón gCipir (44%), ón Liotuáin (38%) agus ón bPolainn (28%) níos mó a bheith ar eolas acu faoi céard atá á dhéanamh ag a FPEnna i bParlaimint na hEorpa, agus tá spéis ag freagróirí ó shé thír i mbreis faisnéise a fháil faoi obair agus faoi ghníomhaíochtaí Pharlaimint na hEorpa go ginearálta, an Fhrainc (36%) agus an Iodáil (35%) san áireamh.

Níl an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe san áireamh. Sa dá thír, ba é an freagra ba choitianta nár theastaigh ó fhreagróirí níos mó faisnéise a fháil (34%/Spáinn agus 31%/Ríocht Aontaithe). Ar an láimh eile, shonraigh freagróirí na hÉireann spéis i seasamh a rialtais féin ar ábhair reatha AE níos minice ná aon rud eile (33%).

Tá spéis i dtuilleadh faisnéise a fháil á léiriú ag vótálaithe (83%) agus ag staonairí (68%) araon. Níl aon spéis ach ag 28% de neamhvótálaithe 2019 agus 15% de vótálaithe i mbreis faisnéise a fháil.

## RANNPHÁIRTÍOCHT LE FEISIRÍ PHARLAIMINT NA HEORPA

**Bheadh fonn ar thriúr as gach deichniúr freagróirí a bheith níos rannpháirtí le gníomhaíochtaí FPEnna a dtíre dá mbeadh níos mó faisnéise á fáil acu faoina róil agus gníomhaíochtaí, nó dá mbeadh siad le feiceáil níos minice sna meáin (29%). Maidir le freagróir amháin as gach cúigear, bheadh fonn orthu a bheith níos rannpháirtí dá mbeadh deis acu labhairt go díreach le FPE maidir le saincheist shonrach agus freagra nithiúil a fháil. Ba mhaith le 16% de fhreagróirí ar an meán in AE bualadh lena FPEnna ag imeachtaí ina gcathair nó réigiún, agus thaitneodh an deis le 13% de fhreagróirí cuairt a thabhairt ar Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil nó in Strasbourg. Ag bun an liosta sa raon seo tá an rogha idirghníomhú leis na Feisirí trí na meáin shóisialta (12%).**

Ainmníonn 74% de vótálaithe i dtoghcháin Eorpacha 2019 bealach amháin, ar a laghad chun breis rannpháirtíochta a chothú le FPEnna, agus níl ach 24% díobh nach bhfuil aon spéis acu i mbreis rannpháirtíochta. Ina theannta sin, tagraíonn breis is leath de na saoránaigh nár chaith vóta sna toghcháin Eorpacha

deiridh do bhealach amháin chun tuilleadh rannpháirtíochta a spreagadh (56%), agus is é an deis níos mó faisnéise a fháil faoi ról agus gníomhaíochtaí a FPEnna an rogha rannpháirtíochta is minice a luaitear.

## MODHEOLAÍOCHT AGUS CUR I LÁTHAIR SONRAÍ

Ba é Kantar a reáchtáil Parlaiméadar 2019 mar shuirbhé Eorabharaiméadair 92 2 do Pharlaimint na hEorpa. Rinneadh an obair allamuigh idir an 8 agus an 22 Deireadh Fómhair 2019 in 28 mBallstát AE. Cuireadh agallaimh duine ar dhuine ar 27 607 bhfreagróir, a bhí roghnaithe mar shampla ionadaíoch ón daonra i gcoitinne, a bhí 15+ bliana d’aois.

Tá an tuarascáil iomlán, bileoga eolais náisiúnta, iarscríbhinní sonraí agus imleabhair torthaí san áireamh le fáil ar líne ag http://www.europarl.europa.eu/at-your-service/en/be-heard/eurobarometer/

## TEAGMHÁIL

An tAonad um Fhaireachán ar an Dearcadh Poiblí/Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide

Philipp M. Schulmeister, Ceann an Aonaid

DGCOMM-POM@europarl.europa.eu

## PARLAIMÉADAR 2019: ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Tarraingítear aird san achoimre feidhmiúcháin seo ar chuid de phríomhthorthaí Pharlaiméadar 2019, reáchtáilte mar shuirbhé Eorabharaiméadair 92 2 ag

KANTAR

do Pharlaimint na hEorpa. Rinneadh an obair allamuigh idir an 8 agus an 22 Deireadh Fómhair 2019 in 28 mBallstát AE. Cuireadh agallaimh duine ar dhuine ar 27 607 bhfreagróir, a bhí roghnaithe mar shampla ionadach ón daonra i gcoitinne, a bhí 15+ bliana d'aois.

Scrúdaítear i suirbhé Eorabharaiméadair an fhómhair 2019, tuairimí shaoránaigh na hEorpa maidir le ballraíocht AE, a ndearcthaí maidir leis an daonlathas san Eoraip agus ról Pharlaimint na hEorpa. Áirítear ceisteanna maidir le beartais tosaíochta do Pharlaimint na hEorpa ag tús téarma reachtach nua, le béim speisialta ar an athrú aeráide agus saincheisteanna comhshaoil, sa dara cuid den suirbhé. Tá sraith thiomnaithe ceisteanna maidir le hionchais saoránach chomh fada is a bhaineann le tuilleadh faisnéise agus rannpháirtíochta le Parlaimint na hEorpa agus a Feisirí le fáil i bParlaiméadar 2019 chomh maith.

**Foilseachán de chuid**
**an Aonaid um Fhaireachán ar an Dearcadh Poiblí**
**Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide**
**Parlaimint na hEorpa**

PE 645.472

ISBN: 978-92-846-6000-1

DOI: 10.2861/125970

Catalogue Number: QA-03-19-852-GA-N